Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**16230/23**

**COH 93**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Samhain 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15523/23 |
| Ábhar: | Todhchaí an bheartais comhtháthaithe<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 30 Samhain 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí gComhairle maidir le todhchaí an bheartais comhtháthaithe, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta/Comhtháthú) ag an 3989ú cruinniú a bhí aici an 30 Samhain 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí uaithi ó mhí an Mheithimh 2022 maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú 'An Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050' mar aon leis na conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2022 maidir leis an mbeartas comhtháthaithe;

(2) FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an beartas comhtháthaithe, ó bunaíodh é, ina cholún bunúsach de phróiseas lánpháirtithe an Aontais Eorpaigh, lenar féidir cóineasú a dhéanamh idir na Ballstáit agus laistigh díobh, lena bhfeabhsaítear folláine agus cáilíocht saoil na saoránach, agus lena rannchuidítear leis an gcothrom iomaíochta a bhaint amach sa mhargadh aonair;

(3) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go leanfadh an beartas comhtháthaithe de bheith ina phríomhcholún de chuid an Aontais agus, chuige sin, nach mór dó cloí leis an mórchuspóir amháin atá aige, eadhon forbairt chomhchuí fhoriomlán an Aontais a chur chun cinn, a chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, agus na héagothromaíochtaí a laghdú ag an am céanna idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún sin is lú forbairt;

As na réigiúin lena mbaineann, tabharfar aird faoi leith ar limistéir thuaithe, ar na limistéir atá faoi thionchar an aistrithe thionsclaíoch agus ar réigiúin atá thíos le mór-mhíbhuntáistí buana nádúrtha nó déimeagrafacha, ar nós na réigiún sin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus na réigiún oileánach, trasteorann agus sléibhteach;

(4) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go dtuigfí gur beartas é an beartas comhtháthaithe le haghaidh réigiún uile an Aontais ach gur cheart tacaíocht níos spriocdhírithe agus níos inoiriúnaithe a áirithiú do na réigiúin sin is lú forbairt, réigiúin a bhfuil dúshláin struchtúracha fós acu agus ar measa fós iad i ngeall ar na dturraingí iomadúla neamhshiméadracha a tháinig as na géarchéimeanna a bhí ann le déanaí, agus a bhfuil ganntanas bonneagair bhunúsaigh fós iontu agus rochtain lag ar sheirbhísí;

(5) FÓGRAÍONN SÍ GUR MAITH IS EOL DI saintréithe sonracha na réigiún is forimeallaí, is é sin go háirithe, an staid struchtúrach eacnamaíoch agus shóisialta iontu, ar measa fós í i ngeall ar iargúltacht, oileánachas, beagmhéid, deacrachtaí topagrafaíochta agus aeráide, guaiseacha nádúrtha agus spleáchas eacnamaíoch na réigiún sin, rud a chuireann leis na rioscaí agus na neamhionannais nua a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhtháthú críochach an Aontais ina iomláine. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le hAirteagal 349 den Chonradh, agus éifeachtaí a thograí reachtacha amach anseo ar na réigiúin is forimeallaí a chomhtháthú go córasach mar chritéar sonrach tiomnaithe, mar chuid de na measúnuithe éagsúla tionchair;

(6) FÓGRAÍONN SÍ GUR MAITH IS EOL DI go bhfuil réigiúin ann a bhfuil mór-mhíbhuntáistí buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu, ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus ar nós na réigiún oileánach, trasteorann agus sléibhteach, agus a riachtanaí atá sé go ndéanfaí bearta sonracha chun na míbhuntáistí sin a chúiteamh;

(7) AITHNÍONN SÍ, in ainneoin thacaíocht an bheartais chomhtháthaithe, go bhfuil roinnt réigiún ann atá sáinnithe sa rud a dtugtar gaiste forbartha air, nó i mbaol a sháinnithe ann, mar a tugadh chun suntais san 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú. Saintréith de chuid na réigiún sin is ea gur dual tréimhsí fada acu inar lag nó inar diúltach an fás, agus inar fás na táirgiúlachta agus cruthú na bpost. Ina theannta sin, roinnt réigiún, tá siad atá i mbaol titim i ngaistí forbartha tallainne, is é sin le rá, dúshlán comhcheangailte an lucht saothair ag dul i laghad agus leibhéil níos ísle oideachais tríú leibhéal. MEASANN SÍ gur cheart don bheartas comhtháthaithe tacú le straitéisí réigiúnacha chun na gaistí sin a sheachaint;

(8) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint cén chaoi ar féidir riachtanais shonracha na gcríoch éagsúil a thomhas agus a mheas, ionas go mbeidh an beartas comhtháthaithe tar éis 2027 in ann freagairt ar an ngá le forbairt chomhchuí;

(9) AITHNÍONN SÍ gur beartas fadtéarmach é an beartas comhtháthaithe, seachas ionstraim ghéarchéime. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí agus a chinntithí a bhí an ghníomhaíocht faoin mbeartas comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna a bhí ann le déanaí ó thaobh chur i gcoinne a dtionchar diúltach socheacnamaíoch agus ó thaobh géarú na neamhshiméadrachtaí a bhí ann cheana a sheachaint. FÓGRAÍONN SÍ GO BHFUIL SÍ DEN TUAIRIM gur cheart go mbeadh creat rialála an bheartais comhtháthaithe in ann oiriúnú d'fhorbairtí nua agus do theagmhais gan choinne, agus é á mheabhrú aici, ag an am céanna, cineál claochlaitheach fadtéarmach an bheartais comhtháthaithe mar aon lena chuspóirí struchtúracha;

(10) MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil roinnt dúshlán nua ann a mbíonn tionchar acu ar an gcomhtháthú agus ar an gcóineasú idir eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach. Áirítear orthu sin na treochtaí déimeagrafacha, an imirce, an t-athrú aeráide agus na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann leis, an nascacht, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an leithlisiú fuinnimh, an éagobhsaíocht gheopholaitiúil ag teorainneacha seachtracha an Aontais, go háirithe teorainneacha an oirthir, agus an comhchruinniú gníomhaíochtaí agus daonra i limistéir mhóra uirbeacha, nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach cuimsitheach cothrom, lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a fhorbairt mar chuid den díospóireacht atá ar na bacáin faoin mbeartas comhtháthaithe 2027, le go gcuirfeadh an beartas comhtháthaithe tacaíocht níos fearr agus níos spriocdhírithe ar fáil do réigiúin chun na dúshláin sin a bhainistiú ar bhealach rathúil, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus leibhéil éagsúla na forbartha socheacnamaíche;

(11) AITHNÍONN SÍ gur spreagadh é don fhorbairt agus don athléimneacht má dhéantar na hathchóirithe lena gcothaítear an fás a nascadh le hinfheistíochtaí straitéiseacha, ní hamháin do gach Ballstát, ach do na réigiúin ar fad agus go mbíonn ceachtanna ann ar féidir leas a bhaint astu do thodhchaí an bheartais comhtháthaithe maidir leis an gcaoi le tacú leis na hathchóirithe. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a fhorbairt mar chuid den díospóireacht atá ar na bacáin maidir leis an mbeartas comhtháthaithe tar éis 2027 le haghaidh beartas comhtháthaithe a bheidh níos solúbtha, níos éifeachtaí agus níos dírithe agus a mbeidh tosaíochtaí soiléire aige, agus chun na hinfheistíochtaí a dhíriú a thuilleadh ar thorthaí, chomh maith le feabhas a chur ar an nasc idir an beartas comhtháthaithe agus an Seimeastar Eorpach;

(12) MEABHRAÍONN SÍ go raibh bainistiú comhroinnte agus prionsabal na comhpháirtíochta ina ndlúthchuid den bheartas comhtháthaithe, agus córas rialachais il-leibhéil á ráthú aige lena gcaomhnaítear an chothromaíocht chinnteoireachta idir an Coimisiún, na Ballstáit, na réigiúin agus na húdaráis áitiúla, agus páirt ghníomhach á tabhairt ag an am céanna do na comhpháirtithe, rud a chruthaíonn braistint úinéireachta i leith na gclár agus na dtreochtaí forbartha, chomh maith le muintearas a chothú i ndáil leis an tionscadal Eorpach;

(13) MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé cur chuige áitbhunaithe a áirithiú i ndearadh agus i gclársceidealú an bheartais comhtháthaithe;

(14) IARRANN SÍ go ndéanfaí feasacht ghinearálta a chothú ar a thábhachtaí atá sé nach ndéanfaí aon dochar don chomhtháthú i mbeartais agus i dtionscnaimh uile an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún úsáid leathan a bhaint as Measúnuithe Tionchair Chríochaigh agus tograí reachtacha á n-ullmhú chun na tionchair chríochacha ar na críocha agus ar na réigiúin lena mbaineann a léiriú;

(15) LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé a áirithiú go ndéanfaí clársceidealú agus cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe a dhíriú ar thosaíochtaí comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh agus, ag an am céanna, go mbeifí solúbtha i ndáil le réaltacht na réigiún, agus a sainiúlachtaí agus a leochaileachtaí críochacha á gcur san áireamh;

(16) LEAGANN SÍ BÉIM ar na hualaí riaracháin arbh ann dóibh i mbainistiú an bheartais comhtháthaithe agus a chuireann teorainn lena éifeachtúlacht agus MOLANN SÍ go bhféachfaí ar na bealaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun simpliú a dhéanamh, lena n-áirítear prionsabal na hiniúchóireachta aonair, mar a thugtar air, a fhorbairt;

(17) LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ atá an dea-rialachas agus an fothú acmhainneachta, ar gach leibhéal, i bpróiseas an chóineasaithe agus in éifeachtacht an bheartais chomhtháthaithe;

(18) ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá, leis na hiarrachtaí chun simpliú a dhéanamh, ardchaighdeáin a ráthú chun calaois agus éilliú a sheachaint agus a chomhrac, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí leas airgeadais an Aontais a chosaint, agus an Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint á chur san áireamh;

(19) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na comhlántachtaí agus na sineirgí a neartú idir an beartas comhtháthaithe agus beartais agus tionscnaimh Eorpacha ábhartha eile ó chéim an deartha ar aghaidh, chun a gcomhleanúnachas agus a n-éifeachtacht a mhéadú, agus chun an t-ualach riaracháin a bhíonn ar na Ballstáit, ar na réigiúin agus ar na tairbhithe a laghdú; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí dul i mbun cur chuige níos straitéisí chun an chomhsheasmhacht sin a áirithiú;

(20) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tugadh isteach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar ionstraim shealadach chun tionchair phaindéim COVID-19 a theorannú. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé torthaí iniúchóireachta agus meastóireachta na Saoráide a chur san áireamh chun ceachtanna tráthúla a fhoghlaim óna feidhmíocht;

(21) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhar na réigiún trasteorann, trasnáisiúnta, idir-réigiúnach agus na réigiún is forimeallaí agus na deiseanna a thagann as an gcomhar sin, do na Ballstáit agus dá réigiúin, agus LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a mhéid a chuireann an comhar frithpháirteach le forbairt na réigiún agus le lánpháirtiú an Aontais; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an comhordú oibríochtúil idir Interreg agus an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a éascú;

(22) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den dlúthchomhar agus den chomh-mhalartú tuairimí leis na Ballstáit maidir le príomhghnéithe dhíospóireacht an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027.